

## CLUICHÍ CLÓS SÚGARThA

### Gníomhaíochtaí Molta

Breathnaigh agus pléigh an phéintéireacht 'Cluichí Páistí' le Pieter Brueghel.

Pléigh na cluichí éagsúla a imrítear i gclóis scoile inniu agus an dóigh a bhféadfadh an aimsir cur isteach orthu. Aithin cluichí a imrítear go fóill inniu agus mol rialacha féideartha dóibh sin nach dtig a aithint.

Úsáid ceamara digiteach nó físeán digiteach leis na cluichí agus na gníomhaíochtaí éagsúla a imrítear le linn sosa nó am lóin a thairgeadh agus taifead na torthaí go grafach. Úsáid an t-eolas seo le 'Leabhar Mór' cluichí clós súgartha a thairgeadh.

Pléigh suíomh an choirp, go háirithe sciatháin agus cosa, le linn cineálacha éagsúla gluaiseachta, mar shampla, ciceáil liathroide nó sábháil cúil. Úsáid réiteoirí píopa le fíor shimplí a dhéanamh, cas iad le suíomh na ngéag a mhúnlú le linn gníomhaíochta agus cuir mionsonraí ann, crainn nó sconsaí, le radharc grúpa clós súgartha a chruthú. Labhair faoin obair chríochnaithe agus cuir síos ar an dóigh a ndearnadh í, á cur i gcomparáid le 'Cluichí Páistí' le Brueghel. Aithin cosúlachtaí agus difríochtaí in inneachar agus i dteicnící péintéireachta araon. Measúnaigh mar a chuir na fíoracha sreinge le suíomh beacht na ngéag sa phéintéireacht deiridh.

# MISE MÉ FÉIN



Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

### Na hEalaíona

- imlínte fuaime;
- obair ealaíontóirí agus ceoltóirí;
- radhairc clós súgartha;
- samhla 3T.

### Forbairt Phearsanta & Comthuiscint

- dearcadh dearfach ar an tsláinte agus an fholláine;
- sláinteachas pearsanta;
- tionchar na meán;
- straitéisí foghlama;
- saoránach idéalach.

### An Domhan Thart Orainn

- idirspéachas;
- athrú le ham;
- áit.

### Corpoideachas

- sochair gníomhaíochtaí coirp;
- cluichí clós súgartha;
- úsáid trealamh go sábháilte;
- glacadh le freagracht phearsanta.

## FÓCAS

Leis na páistí a thosaíonn spreagadh an turais seo. Amharcann siad ar ghnéithe díobh féin agus dá saol. Spreagann sé sin iad lena láidreachtaí a fhionnadh agus leis na deiseanna a fhaigheann siad, le tionchar dearfach a oibriú ar an saol ina bpobail féin agus sa domhan níos leithne, a thaiscéaladh.



## I mBUILLE CROÍ

### Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann cuisle i gceol a aithint.
- Bheith eolach ar an dóigh le fuaimeanna a atáirgeadh le seasamh do chuislí éagsúla.
- Bheith in ann uirlisí oiriúnacha a roghnú i gcomhair cuspóra.
- Bheith eolach ar an dóigh le cnámhscéalta ceoil a chumadh agus a ghníomhú.

### Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar an 'cheol cairte' is fearr leo. Éist le roinnt de na mór-roghanna agus aithin agus pléigh na 'buillí éagsúla croí' (cuisle) i ngach píosa. Éist go cúramach agus buail bosa leis an bhuille croí sna píosaí agus tú ag éisteacht. Siúil timpeall an tseomra, ag céimniú leis an bhuille. Cuir rud éigin timpeall i gciorca, ag ardú agus ag glacadh de réir an bhuille chroí. Pléigh a mbuille croí féin agus an dóigh a n-athraíonn sé le rith, siúl, codladh, le suaithheadh nó le linn corraí. Roghnaigh uirlisí éagsúla leis na buillí a léiriú agus iarr ar bhaill eile an ranga na gníomhaíochtaí atá á léiriú a thomhas, mar shampla, ar fos, ag sodar, rith nó siúl.

Éist le agus pléigh cnámhscéal na mbuillí difriúla le linn gníomhaíochtaí éagsúla, mar shampla, tá fear ina shuí ar chathaoir ag léamh nuachtáin, (buille cothrom croí), i dtobainne tagann liathróid ag eitilt tríd an fhuinneog (buille mear, míchothrom croí). Feiceann sé beirt ag imeacht leo, ritheann sé síos an bóthar sa tóir orthu (buille mear croí). Imíonn siad air, tá sé tuirseach, siúlann sé abhaile (moillíonn an buille croí de réir a chéile). Baineann sé amach an baile, téann a luí agus titeann ina chodladh (buille an-fhadálach, cothrom croí). Roghnaigh ceol a choinneadh tionlacan leis an chnámhscéal.

I ngrúpaí beaga, scríobh cnámhscéal agus roghnaigh agus úsáid uirlisí éagsúla a sheasfadh do bhúillí an chroí. Gníomhaigh na cnámhscéalta don rang iomlán.

## CÉN SCÉAL ORM A INSÍONN MO SHEOMRA LUÍ?

### Rúin Mholta Foghlama

- Meas a bheith agat ar shaothar ealaíontóirí.
- Líníochtaí cruinne pinn luaidhe a fhorbairt.
- Bheith eolach ar an dóigh le samhail mhacasamhlach 3T a dhearadh agus a thógáil.
- Bheith feasach ar theicnící peirspictíochta san ealaín.
- Bheith feasach ar fhadhbanna agus ar fhuascailtí deartha.

### Gníomhaíochtaí Molta

Amharc agus labhair ar phéintéireacht sheomra luí Vincent Van Gogh, ag díriú ar inneachar agus ar fhearastú an tseomra agus á gcur i gcomparáid le cinn do sheomra féin. Sa bhaile, déan líníocht phinn luaidhe le hachair shuimiúla i do sheomra luí féin a thaifeadadh, nó sa rang úsáid bogearraí TFC mar 'Designer' le plean nó amharc isiméadrach do sheomra luí féin a dhéanamh. Úsáid é seo mar thagairt le samhail 3T a thógáil. (Thiocfadh coirnéal de bhosca cairtchláir a úsáid mar 'shuíomh' agus thiocfadh éagsúlacht dramhábhair, fabraic agus cárta a úsáid don tógáil). Pléigh fadhbanna deartha agus cuir i láthair fuascailtí, mar shampla, roghnú teicnící oiriúnacha ceangail agus cruthú dromchlaí láidre. Taispeáin an obair agus labhair faoin dóigh a ndearnadh í, ag plé fadhbanna a d'éirigh le linn thógáil na hoibre agus an dóigh ar fuasclaíodh iad. Measúnaigh agus machnaigh ar dhóigh a dtiocfadh an obair a athbhreithniú nó a fheabhsú.

## AN DUINE NEARTMHAR ISTIGH IONAM

### Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go dtig le mothuithe tionchar a oibriú ar an fhoghlaim.
- Roghanna agus ionchais phearsanta a aithint.
- Bheith feasach ar fhéinláidreachtaí agus ar fhéincháilíochtaí.
- Féinláidreachtaí agus féincháilíochtaí a thuiscint agus meas a bheith orthu.
- Bheith feasach ar a láidreachtaí agus ar a gcáilíochtaí féin.

### Gníomhaíochtaí Molta

Bailigh agus taispeáin stór focal dearfach do gach litir den aibítir. Roghnaigh na focail is fearr a mhíonn 'cé mé', 'rudáí a thig liom a dhéanamh', agus 'rudáí atá ar eolas agam'. Scríobh agus maisigh d'ainm agus na focail dhearfacha san áireamh mar réamhrá le leabhar dearbhaithe, mar shampla, Ashleigh is ainm dom, Tá mé Ealaíonta, Íogair, Garach, Geanúil, Spreagúil, Suimiúil, Greannmhar, Sona.

Cruthaigh leabhar leanúnach dearbhaithe agus taifead ar dhóigheanna éagsúla cad é mar is féidir tréithe aonaracha pearsantachta, spéiseanna, ábaltachtaí, roghanna, buanna agus spriocanna a aithint. Mar shampla, craobh ghinealaigh, grianghraif daoine atá tábhachtach, eiseamláirí, liosta mianta, teastais ghnóthachtálacha, obair a bhfuil tú bródúil aisti, liosta eagla, líníochtaí rudáí tábhachtacha. Cuir san áireamh fosta, tuairimí dearfacha ó dhaoine eile. Machnaigh ar an leabhrán ó am go ham.

Imir cluichí dearbhaithe agus ainmnigh amach a gcáilíochtaí pearsanta agus cuid daoine eile. (Primary Values Tool Box, Affirmation Activities)

# MISE MÉ FÉIN



Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

### Na hEalaíona

- imlínte fuaime;
- obair ealaíontóirí agus ceoltóirí;
- radhairc clós súgartha;
- samhlaíochtaí 3T.

### Forbairt Phearsanta & Comthuiscint

- dearcadh dearfach ar an tsláinte agus an fholláine;
- sláinteachas pearsanta;
- tionchar na meán;
- straitéisí foghlama;
- saoránach idéalach.

### An Domhan Thart Orainn

- idirspéachas;
- athrú le ham;
- áit.

### Corpoideachas

- sochair gníomhaíochtaí coirp;
- cluichí clós súgartha;
- úsáid trealamh go sábháilte;
- glacadh le freagracht phearsanta.

## FÓCAS

Leis na páistí a thosaíonn spreagadh an turais seo. Amharcann siad ar ghnéithe díobh féin agus dá saol. Spreagann sé sin iad lena láidreachtaí a fhionnadh agus leis na deiseanna a fhaigheann siad, le tionchar dearfach a oibriú ar an saol ina bpobail féin agus sa domhan níos leithne, a thaiscéaladh.

### Please Note

For other activities please refer to the CCEA Thematic Unit 'Me Inc'.



## GNÁTHAMH GLAN

### Rúin Mholta Foghlama

- Tábhacht an tsláinteachais phearsanta a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianstaidéar ar an fhocal 'sláinteachas'. Pléigh agus liostaigh na rudaí ba chóir a dhéanamh ar bhonn laethúil lenár gcorp a choinneáil sláintiúil agus glan.

Pléigh agus scríobh faoin cheist, nó úsáid drámaíocht, lena thaispeáint cad chuige a bhfuil sé chomh tábhachtach sin éadaí a athrú, scuaba fiacla a shruthlú agus a athrú go rialta, agus scuaba gruaige a choinneáil glan.

Dear agus cruthaigh póstaer theimpléid láimhe nó bileoga le páistí eile a chur ar an eolas faoi níochán ceart lámh i ndiaidh úsáid an leithris agus roimh bhia a ithe.

## ROGHANNA SLÁINTIÚLA

### Rúin Mholta Foghlama

- Na roghanna i gcomhair stíl shábháilte mhaireachtála a aithint agus meas a bheith agat orthu;
- An gá atá le freagracht phearsanta a ghlacadh a thuiscint;
- Bheith feasach ar roghanna agus spriocanna pearsanta;
- Bheith feasach ar thionchar na meán ar a gcuid roghanna.

### Gníomhaíochtaí Molta

Cuir ar taispeáint grianghraf iomráiteach clúiteach spóirt, mar shampla, lúthchleasaí nó peileadóir. Labhair ar na rudaí a dhéanann an t-iomráiteach le fanacht folláin, mar shampla, aclaíocht, aiste bia, sciste, fanacht dírithe, smaoineamh go dearfach.

Pléigh iomlán na ngníomhaíochtaí a dhéanann agus iomlán an bhia a itheann an rang in imeacht aon lae. Láithrigh iad seo ag úsáid dathchóid do roghanna, mar shampla, roghanna sláintiúla = glas, roghanna míshláintiúla = dearg. Láithrigh na torthaí i bhformáidí éagsúla, mar shampla, léaráid Venn nó Carroll.

Pléigh i ngrúpaí na roghanna a thugann ort mothú go maith agus iad sin a thugann ort mothú go dona. Mar rang smaoinigh ar an rud a dhéanfá ar dhóigh dhifriúil agus go haonarach aithin dhá rud ón liosta a rinneadh a thig a dhéanamh le cuidiú linn fanacht folláin.

Cruthaigh 'Plean Gníomhaíochta' pearsanta (an rud a dhéanfaidh mé, an uair a dhéanfaidh mé é, cé atá de dhíth le cuidiú agus cad é mar a bheidh a fhios agam gur chuir mé i gcrích é).

Bailigh fógraí meán (irisí, nuachtáin, teilifís) a chuireann chun cinn bia sláintiúil agus míshláintiúil agus cruthaigh fístaispeáint na bhfógraí. Labhair ar na straitéisí a d'úsáid na fógróirí lena gcuid earraí a chur chun cinn, mar shampla, bréagáin saor in aisce le gránaigh, táirgí a bhfuil baint acu le popréalta áirithe srl. Amharc ar fhógra teilifíse a chuireann bia chun cinn agus pléigh úsáid agus éifeacht ceoil, maisíochtaí fuaime agus leideanna neamhbhriathartha sa ghearrthóg.

# MISE MÉ FÉIN



Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

## Na hEalaíona

- imlínte fuaime;
- obair ealaíontóirí agus ceoltóirí;
- radhairc clós súgartha;
- samhlaíochtaí 3D.

## Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- dearcadh dearfach ar an tsláinte agus an fholláine;
- sláinteachas pearsanta;
- tionchar na meán;
- straitéisí foghlama;
- saoránach idéalach.

## An Domhan Thart Orainn

- idirspéachas;
- athrú le ham;
- áit.

## Corpoideachas

- sochair gníomhaíochtaí coirp;
- cluichí clós súgartha;
- úsáid trealamh go sábháilte;
- glacadh le freagracht phearsanta.

## FÓCAS

Leis na páistí a thosaíonn spreagadh an turais seo. Amharcann siad ar ghnéithe díobh féin agus dá saol. Spreagann sé sin iad lena láidreachtaí a fhionnadh agus leis na deiseanna a fhaigheann siad, le tionchar dearfach a oibriú ar an saol ina bpobail féin agus sa domhan níos leithne, a thaiscéaladh.



Rewarding Learning



## AG BAINTE CÉILLE AS AN DOMHAN S'AGAM

### Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go mbíonn daoine daonna mar a chéile agus difriúil araon.
- Fios a bheith agat go bhfuil cúig chéadfa ann.
- Fios a bheith agat go gcúiteoidh úsáid céadfaí eile cailleadh céadfa amháin.
- A aithint go n-úsáidtear na céadfaí le linn eolas a chur ar an domhan thart timpeall orainn.
- Nuair a bhíonn teist cothrom agus nuair nach mbíonn a aithint.
- A thuiscint mar a bhíonn an saol difriúil in amanna ag daoine eile.

### Gníomhaíochtaí Molta

Gríosaigh plé ag úsáid cur chuige 'Gabh i mBeirteanna, Roinn', ag baint leis an ráiteas 'Díreach mar a chéile atá gach duine'. Taifead seo trí, mar shampla, liostú na ndóigheanna a bhfuil daoine daonna díreach mar a chéile (aon cheann, dhá shúil, aon srón, srl.) agus na ndóigheanna a dtig le daoine daonna bheith difriúil (dath gruaige, méid coise, réise srl). I ngrúpaí beaga, smaoinigh ar agus tomhais dhá dhóigh ar a laghad a mbíonn siad difriúil, mar shampla, cé a thig leis an méid is mó ciúbanna Unifix a cheapadh?, nó, cé a thig leis liathróid a phreabadh an méid is mó uaireanta i dtríocha soicind? Úsáid bogearraí TFC mar 'Pick-a-Picture', 'First Workship' nó 'Information Workshop 2000', le taifid aonair a chur isteach, déan anailís ar agus cuir i láthair na sonraí ag úsáid formáidí éagsúla. Úsáid na sonraí mar spreagadh don díospóireacht agus d'ardú ceisteanna ar nós, 'An mbíonn an greim is mó ag gasúir uile', 'An mbíonn súile gorma ag gach páiste fionn'.

Trí phlé iomlán ranga nó grúpa bhig, smaoinigh ar phríomhchéimeanna forbartha an duine (leanbh, tachtán, páiste, déagóir, aosach agus seanóir). Aontaigh ar na príomhthréithe gan dearmad a dhéanamh de na neas-aoiseanna i ngach céim. Pléigh an fhírionnach nach mbíonn an freagra 'ceart' i gcónaí ann. Seicheamhaigh grianghraif theaghlaigh le forbairt dhaoine a léiriú. Cuir cuireadh chun ranga ar dhaoine le labhairt faoi chéim fhorbartha s'acu (déagóir, seantuismitheoir).

Smaoinigh ar an dóigh le rud a aithint agus dallbheart ort (úsáid céadfaí eile). Pléigh ár spleáchas ar chéadfa an amhairc. Aithin agus ainmigh baill éagsúla an choirp a bhaineann leis na céadfaí (CD-ROM 'I Love Science'). Pléigh an dóigh le teist a phleanáil agus a dhéanamh le húsáid ceann amáin de na céadfaí a fhiosrú, mar shampla, an fearr an lámh ag aithint rudaí ná an chos? Taiscéal an dóigh a mbeadh an bheatha ag duine a chaill ceann dá gcéadfaí. Éist le agus léigh scéalta faoi dhaoine san am a chuaigh thart, Helen Keller, mar shampla.

Smaoinigh ar an fhadhb - teastaíonn dallbhirt ón rang. Spreag réimse féideartha: úsáid scaif, ceannaigh cuid acu, déan iad.

Aontaigh critéir an tairge: (compord, teimhneach, sábháilte, sách teann).

Pleanáil agus dear, ag liostú ábhar agus uirlisí (ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga).

Cruthaigh agus déan (go sábháilte).

Measúnaigh, tástáil agus leasaigh san áit ar gá.

## CA hÁIT SA DOMHAN A BHFUIL MÉ?

### Rúin Mholta Foghlama

- An tábhacht a bhaineann le seoladh a bheith agat a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh le learscáileanna a úsáid.
- Foinsí eolais a úsáid le heolas a chruinniú.
- Cosúlachtaí agus difríochtaí idir modhanna maireachtála anois agus san am a d'imigh a aithint.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse áiseanna traidisiúnta nó digiteacha a úsáid don taighde.
- A thuiscint cén dóigh agus cén chúis a n-athraíonn timpeallachtaí le himeacht ama.
- Cuid de na dóigheanna a n-oibríonn athrú domhanda tionchar ar an domhan a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh cad chuige a mbíonn seoladh againn agus an dóigh a mbíonn sé pearsanta ag gach teach, mar shampla, i gcomhair bailiú daonáirimh nó seirbhísí poist. Scríobh do sheoladh féin, ainm an bhaile fearainn san áireamh (más oiriúnach).

Tabhair cuairt ar Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá le heolas a fháil faoin saol sa 19ú haois agus go luath sa 20ú haois.

Úsáid léarscáil shimplí den cheantar le do theach féin a aimsiú. Amharc ar an cheantar ó léarscáil den am a d'imigh agus scrúdaigh má d'athraigh an ceantar agus cén dóigh, ar athraigh na sráidainmneacha nó cad é a bhí san áit a bhfuil do theachsa anois. Cuir agallamh ar ghaolta níos sine faoina gcuimhne ar an chomharsanacht san am a chuaigh thart, mar shampla, foirgnimh nó áiteanna oibre a bhíodh ann.

Mar ghrúpa, pléigh dialann lae faoi gach a ndéanann tú ó éirí ón leaba go dul a chodladh san oíche. Déan taighde ar an dóigh a n-athródh sé sin dá mba pháiste thú agus cónaí ort i gcathair gaineamhlaigh mar Timbuktu nó i náisiún beag oileánda sa Mhuir Chiúin mar Tuvalu. Úsáid 'Google Earth' le feiceáil cá leis a bhfuil na háiteanna sin cosúil.

Roghnaigh suíomh le timpeallacht atá go hiomlán difriúil leis an timpeallacht áitiúil, mar shampla, Ceanada Artach nó gaineamhlach. Cruthaigh dialann laethúil den Chlochaois agus déan breathnuithe ar an áit a gcónaíonn tú. Déan ceangal le comhscoil i dtír eile ag úsáid ríomhphoist agus cuir stíleanna maireachtála i gcomparáid.

Spreag smaointe faoi thimpeallacht fhoirfe don todhchaí. Úsáid na smaointe seo le samhlacha 3T a dhearadh agus a chruthú. Faigh amach faoi logainmneacha agus shráidainmneacha na háite agus an dóigh ar thosaigh siad. Ceap roinnt logainmneacha nua-aoiseacha don suíomh 'nua' agus mínigh an rogha. Dear agus déan roinnt comharthaí dátheangacha don cheantar. Cuir na samhlacha nó smaointe i láthair lucht éisteachta roghnaithe, mar shampla, pleanálaithe baile nó ailtirí.

# MISE MÉ FÉIN



Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

## Na hEalaíona

- imlínte fuaime;
- obair ealaíontóirí agus ceoltóirí;
- radhairc clós súgartha;
- samhlaíochtaí 3T.

## Forbairt Phearsanta & Comhthuisct

- dearcadh dearfach ar an tsláinte agus an fholláine;
- sláinteachas pearsanta;
- tionchar na meán;
- straitéisí foghlama;
- saoránach idéalach.

## An Domhan Thart Orainn


- idirspéachas;
- athrú le ham;
- áit.

## Corpoideachas

- sochair gníomhaíochtaí coirp;
- cluichí clós súgartha;
- úsáid trealamh go sábháilte;
- glacadh le freagracht phearsanta.

## FÓCAS

Leis na páistí a thosaíonn spreagadh an turais seo. Amharcann siad ar ghnéithe díobh féin agus dá saol. Spreagann sé sin iad lena láidreachtaí a fhionnadh agus leis na deiseanna a fhaigheann siad, le tionchar dearfach a oibriú ar an saol ina bpobail féin agus sa domhan níos leithne, a thaiscéaladh.





## CLUICHÍ CLÓS SÚGARTHA

### Rúin Mholta Foghlama

- Tábhacht a bheith gníomhach sa chorp a aithint agus meas a bheith air.
- A thuiscint an dóigh le freagracht phearsanta a ghlacadh as bheith gníomhach sa chorp.
- Bheith eolach ar an dóigh le bogadh go sábháilte ar dhóigheanna éagsúla.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse trealaimh agus áiseanna a úsáid.

### Gníomhaíochtaí Molta

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha, faigh amach faoi chluichí traidisiúnta clós súgartha a bhíodh á n-imirt i gclóis scoileanna blianta fada ó shin. Faigh eolas ó bhaill níos sine den phobal. Aithin na cluichí a imrítear go fóill inniu agus pléigh na fáthanna a bhfuil aird go fóill orthu, mar shampla, cleas na bacóide, mirlíní, cluichí scipeála. Pléigh an phéintéireacht 'cluichí páistí' le Peter Brueghel.

Foghlaim agus cleacht réimse cluichí clós súgartha le linn cheachtanna CO, mar shampla, leaganacha de chleas na bacóide, réimse rann agus cluichí scipeála, soilse tráchta, 'Cén t-am é a mhic tíre uasail?', cluichí fáinne, cluichí le liathróid bheag agus úsáid marcanna clós scoile.

Cleacht na cluichí le linn sosa agus amanna lóin. Cruthaigh leabhar ranga de rannta scipeála a thiocfadh le páistí eile a úsáid. Pléigh tábhacht gníomhaíocht choirp, dea-shláinte agus bheith gníomhach gach lá. Cruthaigh liosta/taispeántas ranga de na sochair a thagann as fanacht folláin agus cad é mar a chuidíonn sé leat mothú i bhfad níos fearr ar oiread sin dóigheanna. Smaoinigh ar imeacht nó ar fheachtas fiontraíochta leis seo a chur in iúl do dhaoine eile.

# MISE MÉ FÉIN

## Áiseanna Digiteacha

### Bogearraí TFC

I Love Science  
Fresco  
Colour Magic  
Pick A Picture  
First Workshop  
Information Workshop 2000  
Bodywise –Sherston  
My World for Windows  
Compose World Junior  
Decision 3  
Let's Go with Katy  
My First Dictionary  
Roamerworld  
**C2K:**  
**Microsoft Powerpoint**

**PhotoStory3** – (Is féidir seó sleamhnán a chruthú go gasta a bheidh ar fáil ar C2K ó Mí Mheán Fómhair 2009)  
**LearningNI – Network – Encarta**  
**LearningNI – Network – UrZone**  
**I Love Science** (I mBéarla ach is fiú go mór á úsáid.)  
**Pioc Pictiúr** – (BlackCat) Amharc faoi 'Database'.  
**2Simple Software – 2Connect:**  
(Clár a dhéanann Gréasáin Topaicí.)  
**Beir Bua 1 CD ROM**, – (Gael Linn) ISBN 1904174124  
**Beir Bua 2 CD ROM**, – (Gael Linn) ISBN 1904174132  
**Gaelspell 2007 Litreoir Gaeilge**, - (Cruinneog: 2008)  
**Ceart Gramadóir Do Windows**, - (Cruinneog: 2008)  
**ComicLife** – ar fáil ó [www.plasq.com](http://www.plasq.com) (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge leis an chlár seo)

### Suímh Idirlín Mholta

[www.barewalls.com](http://www.barewalls.com)  
(Pieter Brueghel's Children's Games)  
Register with the British Council and establish a link with another school in the UK or worldwide  
[www.wotw.org.uk/intro/index.html](http://www.wotw.org.uk/intro/index.html)  
Comenius School project 'promote transnational co-operation between schools.' Take part in a project with another school  
[www.europa.eu.int/comm/education/socrates/comenius/activities/comenius1.htm](http://www.europa.eu.int/comm/education/socrates/comenius/activities/comenius1.htm)  
[www.ehc.com/vbody.asp](http://www.ehc.com/vbody.asp) (construct a human skeleton)  
[www.curriculum.becta.org.uk/keepinghealthy](http://www.curriculum.becta.org.uk/keepinghealthy) (record pulse rates using this downloadable spreadsheet)  
[www.folkpark.com](http://www.folkpark.com)  
[www.magni.org.uk](http://www.magni.org.uk)  
[www.armaghplanet.com](http://www.armaghplanet.com)

[www.UNESCO.org](http://www.UNESCO.org)  
[www.Google.com](http://www.Google.com)  
[www.ga.wikipedia.org](http://www.ga.wikipedia.org) (Wikipedia i nGaeilge)  
[www.ceim.gaa.ie/menranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/menranganna.html) (Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)  
[www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html) (Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)  
[www.makebeliefscomix.com/](http://www.makebeliefscomix.com/) (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)  
<http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=312> (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka' ó COGG): 3.7 Glan Leat, 3.18 'Eitilt: Éin agus Eitleáin,  
<http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311> (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka

## Áiseanna Digiteacha

### Suímh Idirlín Mholta

2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callán Torann', 2.12 'Slaghdán agus Sraothanna'

[www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm](http://www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm)

(Suíomh a chuireann dearcadh dearfach i leith aosú agus daoine aosta chun cinn i measc daltaí bun scoile)

[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/) (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Snámh / Peil/ Damhsa Gaelach/ Ceol/ Liathróid Láimhe agus Seoltóireacht')

[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/435/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/) (Físeán ar 'Ealaín na Gaeltachta')

[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/461/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/) (Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach)

[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/115/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/115/gaeilge/) (Físeán ar 'Stair na hÉireann dar le Fíbin' - seónna puipéad.)

[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/94/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/94/gaeilge/) (Físeán ar 'Cóiméid agus Miotaseolaíocht')

<http://www.tobar.ie/acmhainni.htm>

### Leabhar/Áiseanna Teagaisc

**Me Inc.**, CCEA, A Thematic Unit linked to 'Mighty Me' **Primary Values** (CCEA: 2001)

**Seo an Eolaíocht – Na Cúig Chéadfa**, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597013

**Seo an Eolaíocht – Do Chorp**, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589037

**Seo an Eolaíocht – Ag Fás Aníos**, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597013

**Seo an Eolaíocht – Bia**, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597021

**Rogha Gach Bia**, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 9780732747459

**Dánta agus Rannta don Chlós**, - Jacqueline de Brún (An tÁisaonad)

**Luaithriona – I bhFad Níos Mó Ná Scéal**, - (An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732745489

**Cochailín Dearg – I bhFad Níos Mó Ná Scéal**, - (An tÁisaonad: 2006)

**Leabhar Mór an Eolais**, - (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857916348

**Eolaíocht Éasca**, - (An Gum: 2007) ISBN: 9781857916683

**Léargas ar an Cholainn Dhaonna**, - (An Gúm: 2007) ISBN: 9781857916751

**Déanamse Mo Chion**, - (An Gúm: 2007) ISBN: 9781857916829

**Na Daoine Dalla**, - (An Gúm: 2007) ISBN: 9781857916805

**Mairéad agus an Foghláí Mara**, - (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857917222

### Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

**Sarah and the Whammi** Ch4 productions

## Áiseanna Traidisiúnta

Leabhar/Áiseanna Teagaisc	Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)
<p><b>Féach Thart 3</b>, - (An Gúm: 2004) ISBN: 1857912772</p> <p><b>Féach Thart 4</b>, - (An Gúm: 2002) ISBN: 1857912829</p> <p><b>Timpeall an Domhain Rang 4</b>, - (Folens: 2008) ISBN: 9781847410672</p> <p><b>Timpeall an Domhain Rang 5</b>, - (Folens: 2008) ISBN: 9781847410689</p> <p><b>Eolaíocht Bhunscoile 1</b>, - (An tÁisaonad: 1999)</p> <p><b>Céim ar Chéim 06 – Mo Theaghlach</b>, - (An tÁisaonad) ISBN: 0790130084</p> <p><b>Céim ar Chéim 13 – Súil ar do Chorp</b>, - (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130475</p> <p><b>Céim ar Chéim 14 – Bia Blasta</b>, - (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130521</p>	

## Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna Cuartaíochta
<p><b>Cumann Cheol Tíre na hÉireann</b></p> <p><b>Iarsmalann Uladh</b></p> <p><b>Cainteoirí/amhránaithe cuartaíochta Albanais Uladh</b> - Willie Drennan, Charlie Gillen, Stephen Hall</p> <p><b>RSPCA</b></p> <p><b>RNLI</b></p>	<p><b>Iarsmalann Uladh</b></p> <p><b>Pláinéadlann Ard Mhacha</b> Breathnú an Domhain taispeántán agus láithrithe</p> <p><b>Daonpháirc Uladh-Mheiriceá</b></p>

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.



# CUR LE FORBAIRT SCILEANNA

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

## Úsáid na Matamaitice

- Bileog bailithe sonraí a chruthú le cuidiú agus í a úsáid;
- Sonraí ar réimse dóigheanna, TFC san áireamh, a thaifeadadh agus a láithriú agus cén léiriúchán is soiléire a thaispeánann an t-eolas a phlé;
- TFC a úsáid le heolas a bhaineann leis an topaic a thaighde, a anailísiú agus a láithriú;
- Áirimh airgid a dhéanamh ag úsáid na gceithre oibríochta (fadhbriteach san áireamh);
- Na dóigheanna éagsúla a n-íoctar as earraí, mar shampla, seic, cárta creidmheasa, nó airgead tirim a thuiscint.

## Cumarsáid

- Éisteacht leo agus freagairt do chineálacha éagsúla ceisteanna agus/nó réimse spreagthachtaí;
- Éisteacht leo agus freagairt go cuí don mhéid a deir daoine eile;
- Labhairt agus éisteacht le daoine eile chun idéanna úra a ghiniúint;
- Labhairt le muinín mhéadaitheach i réimse gnáthchásanna;
- Idéanna agus tuairimí a chur in iúl go soiléir;
- Tosú a labhairt ar dhóigh struchtúrtha agus sheicheamhaithe ag cur céille in iúl go soiléir do lucht éisteachta;
- Labhairt faoin dóigh a gcuireann na céadfaí le tuiscint imeachtaí;
- Tosú a nochtadh tuairimí ar an phróiseas a úsáidtear le hidéanna a fhorbairt;
- Idéanna agus eolas cuí a thabhairt ar an ábhar agus an chuspóir;
- Réimse níos leithne stór focal a úsáid le labhairt ar smaointeoireacht agus ar fhoghlaim;
- Labhairt le daoine eile go measarta mion faoin mhéid a léadh/a chonacthas, ag nochtadh tuairimí agus ag éisteacht le tuairimí daoine eile;
- Tosú a aithint úsáid teanga atá tuairisciúil agus tromchiallach le pictiúir/imeachtaí/atmaisféar a thógáil;
- Smaoineamh ar réimse féideartha foinsí le heolas a fháil agus a aimsiú;
- Smaoineamh ar mhodhanna simplí le heolas a chomhordú agus a thaifeadadh;
- Léamh le cuspóirí dearfacha chun cuidiú le tabhairt faoi thasc/ghníomhaíocht;
- Eolas a fuair/léigh siad a roinnt le daoine eile, mionsonraí tacaíthe éigin san áireamh;
- Rannpháirtíocht éigin a léiriú trí thosú ar rogha phearsanta leabhar/údar/seánraí a chur in iúl;
- An méid a d'fhoghlaim siad sa léitheoireacht agus tuilleadh eolais a d'fhéadfadh bheith úsáideach a phlé;
- Réimse idéanna, smaointe, mothuithe a chur in iúl agus scríobh le samhlaíocht ar thopaicí/shuímh/charachtair agus ar dhálaí;
- Le múinteoirí/comhpháirtithe, tosú a leagan síos chuspóir na scríbhneoireachta agus coincheap an lucht éisteachta a phlé;
- Cinneadh ar fhoirm agus struchtúr an taisc le múinteoir/comhpháirtí;
- Tosú a thaiscéaladh gnéithe éagsúla teanga agus láithrithe;
- Réimse eolais agus idéanna a eagrú le soiléire éigin;
- Tuairimí agus idéanna a chur in iúl agus féachaint le fáthanna a thabhairt;
- Oibriú i mbeirteanna (le nó gan aosaigh), i ngrúpaí beaga nó mar rang iomlán le heolas nó idéanna a léiriú ar chúis a tugadh, m.sh. scéalta comhoibríochta.

## CUR LE FORBAIRT SCILEANNA

### Úsáid TFC

- Téacs a chumadh agus a eagrú ar scáileán le hidéanna a chur in iúl agus a fhorbairt;
- Íomhánna nó fuaimneanna oiriúnacha a roghnú agus a úsáid agus téacs a chur leo agus/nó a nguthú féin;
- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna tugtha digiteacha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Téacs a nascann fuaim agus/nó grafaicí a chruthú agus a eagrú;
- Sonraí a bhailiú agus a chur isteach, á láithriú i bhfoirm ghrafach agus ag déanamh breathnuithe;
- Obair a chur i láthair agus in iúl ar dhóigheanna éagsúla ag léiriú feasachta do lucht éisteachta agus chuspóir;
- Sraith treoracha a dhéanamh agus a eagrú le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

### Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Phearsanta

**Bainistiú Faisnéise:** Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

**Smaointeoireacht, Fadhbriteach:** Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

**Bheith Cruthaitheach:** Glacadh am le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosracha, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

**Ag Obair le Daoine Eile:** Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumas foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaíthe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna dhaoine eile.

**Féin-Bhainistiú:** Seiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus ghné éigin di a thiocthadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

